Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10460/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0543 (COD)**
**2025/0544 (CNS)**

**RECH 277**
**COMPET 760**
**IND 408**
**MI 624**
**EDUC 266**
**TELECOM 310**
**ENER 391**
**ENV 718**
**CLIMA 324**
**AGRI 491**
**TRANS 414**
**SAN 473**
**BIOTECH 77**
**CADREFIN 287**
**CODEC 1161**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034<br>(a) An Clár Réime agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh<br>(b) Clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach<br>– *Cur chuige ginearálta páirteach* |

## RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún na tograí le haghaidh 'pacáiste' Fís Eorpach: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (an Clár Réime)[1], agus an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach (an Clár Sonrach)[2].

2. Beartaítear leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gClár Réime imchlúdach airgeadais EUR 175 bhilliún i bpraghsanna reatha chun é a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2034.

3. Chun turas infheistíochta rianúil a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún nasc docht a bhunú leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, go háirithe trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta a thacóidh le gnéithe beartais CEI.

4. Tá an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh i bParlaimint na hEorpa freagrach as na tograí sin. Ceapadh Christian Ehler (EPP, DE) mar rapóirtéir don Chlár Réime agus ceapadh René Repasi (S&D, DE) mar rapóirtéir don Chlár Sonrach.

5. An 12 Eanáir 2026, thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi maidir leis na tograí[3].

6. An 22 Eanáir 2026, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis na tograí[4].

7. An 7 Bealtaine 2026, thug Coiste na Réigiún a dhréacht-thuairim uaidh maidir leis na tograí[5].

---

[1] 12007/25 REV 1.
[2] 12005/25 REV 1.
[3] 5280/26.
[4] 9403/26.
[5] 9391/26.

## II. DUL CHUN CINN A RINNEADH SA CHOMHAIRLE

8. Bhí díospóireachtaí beartais tiomnaithe ag an gComhairle Iomaíochais maidir le réimsí téamacha atá nasctha le Fís Eorpach ag na cruinnithe a bhí aici an 30 Meán Fómhair 2025, an 9 Nollaig 2025, an 27 Feabhra 2026 agus an 29 Bealtaine 2026. Leis na díospóireachtaí beartais, tugadh treoir ghinearálta agus cumhdaíodh ábhair an taighde agus na nuálaíochta le haghaidh dé-úsáide, slándála agus cosanta, na Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bheidh ann amach anseo, socrú agus fairsingiú tosaíochtaí straitéiseacha d'fhonn teacht ar sheasamh ón gComhairle.

9. Le linn Uachtaránacht na Danmhairge agus Uachtaránacht na Cipire, scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde naoi dtéacs comhréitigh ón Uachtaránacht don dá thogra.

10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Meitheamh 2026, dhearbhaigh Coreper téacsanna na gcur chuige ginearálta agus d'iarr sé ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis na téacsanna mar mhír A ag cruinniú a bheidh ann amach anseo. Dhearbhaigh sé freisin téacs ráitis mar a leagtar amach in ADD 1 a ghabhann leis an nóta seo é agus d'iarr sé ar an gComhairle téacs an ráitis sin a fhormheas mar mhír A ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

11. Ós rud é gur cuid den phacáiste tograí atá nasctha le CAI an Clár Réime agus an Clár Sonrach atá beartaithe, tá na forálacha uile sna téacsanna lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó a chomhfhreagraíonn do na gnéithe atá mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le CAI idir lúibíní agus dá bhrí sin tá siad eisiata ón gCur Chuige Ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar an CAI. Tá na forálacha sin idir lúibíní cearnacha sa téacs. Is cuid den chothromaíocht fhoriomlán iad na forálacha maidir le bearta um fhairsingiú agus ní mór iad a léamh i bhfianaise staid reatha na caibidlíochta maidir le pacáiste foriomlán CAI.

12. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil na forálacha a bhaineann leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) gan dochar do sheasamh deiridh na Comhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus maidir lena Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá le bunú ag céim níos déanaí, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán EIT. I ndáil leis an méid sin, tá ráiteas ón gComhairle in ADD 1 a ghabhann leis an nóta seo.

## III. AN STAID MAR ATÁ I bPARLAIMINT NA hEORPA

13. Eisíodh dréacht-tuarascálacha na rapóirtéirí maidir leis an gClár Réime agus maidir leis an gClár Sonrach an 3 Márta 2026 agus cuireadh i láthair iad ag cruinniú den Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) an 13 Márta 2026, nuair a seoladh céim shubstainteach ghrinnscrúdaithe agus leasaithe an Choiste go foirmiúil. Tá sé beartaithe faoi láthair go nglacfaidh ITRE na tuarascálacha críochnaitheacha an 10 Meán Fómhair 2026, agus táthar ag súil go vótálfaidh an suí iomlánach ar shainordú caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa an 5 go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2026.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

14. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe an téacs comhréitigh mar seo a leanas:

a) Leis an tsamhail **rialachais** atá beartaithe, neartaítear rannpháirtíocht na Comhairle agus na mBallstát sa phróiseas straitéiseach socraithe tosaíochtaí de chuid Fís Eorpach. Chuirfí tús leis an bpróiseas le comhairle ón gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) maidir le treoshuíomhanna T&N. Bheadh an chomhairle sin bunaithe ar fhadbhreathnaitheacht agus ar anailís fhianaisebhunaithe arna soláthar *inter alia* ag seirbhísí an Choimisiúin. Chuirfí an chomhairle sin ó CLETN san áireamh ansin agus doiciméad straitéiseach ilbhliantúil á ullmhú ag an gCoimisiún. Le foirmíocht straitéiseach Choiste an Chláir ina ról comhairleach, sholáthrófaí moltaí maidir le treoir straitéiseach fhoriomlán agus tosaíochtaí foriomlána an Chláir agus dhéanfaí comhordú trí chruinnithe comhpháirteacha le Coiste Ginearálta an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI), go háirithe maidir le Colún II.

b) I measc na b**prionsabal cothrománach**, cuireadh isteach sa téacs comhréitigh míreanna maidir le comhar trasteorann a chur chun cinn, maidir le cur chuige dé-úsáide trí dhearadh an Chláir, maidir le comhionannas inscne a chur chun feidhme mar réamhshocrú agus maidir le sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais.

c) Leis an téacs comhréitigh, neartaítear na forálacha maidir le **Comhpháirtíochtaí Eorpacha** trí ról treorach a thabhairt don Chomhairle nó dá comhlachtaí comhairleacha maidir le limistéir na gcomhpháirtíochtaí a shainiú agus trí chomhleanúnachas le cláir eile de chuid an Aontais a iarraidh, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí imlonnaithe. Soiléirítear sa téacs freisin na socruithe conarthacha ar cheart comhpháirtíochtaí a bhunú orthu, cineálacha agus módúlachtaí na rannchuidithe agus tugtar isteach cur chuige saolré níos láidre, lena n-áirítear socruithe faireacháin, aistrithe agus céimnithe amach. Foráiltear leis an téacs freisin d'uasmhéid Cholún II a leithdháilfear ar na hionstraimí comhpháirtíochta éagsúla. Tá comhpháirtíochtaí leagtha amach mar chuid de chur chuige punainne comhleanúnach agus táthar ag súil go dtacóidh siad le slabhra luacha iomlán an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí imscartha arna maoiniú faoi chláir eile de chuid an Aontais agus faoi chláir náisiúnta eile.

d) Maidir le **slándáil taighde**, tugtar isteach leis an téacs comhréitigh sainmhíniú tiomnaithe agus airteagal sonrach ina leagtar amach an creat chun rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú. Soiléirítear a thuilleadh ann na bearta a fhéadfar a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil údar cuí leo, chun *inter alia* na srianta rannpháirtíochta, na ceanglais a bhaineann le torthaí agus na coimircí breise a chinneadh. Ag an am céanna, leanann na forálacha céanna sin de chur chuige rioscabhunaithe agus comhréireach a chur chun cinn le linn chur chun feidhme an chláir agus de chaomhnú a dhéanamh ar an bprionsabal go bhfuil an clár chomh hoscailte agus is féidir agus chomh dúnta agus is gá.

e) Maidir le **Colún I (Eolaíocht den Scoth)**, tá modhnuithe sa téacs a bhaineann le socruithe oibre agus téarma oifige Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) agus maidir le comhdhéanamh agus téarma oifige Chomhairle Eolaíochta ERC. I gcás ERC agus Gníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie (GMSC) araon, cuirtear béim ar leith ar thaighdeoirí luathghairme.

f) Maidir le **Colún II (Taighde agus nuálaíocht chomhoibritheach)**, soiléiríodh fócas **chomhpháirt na 'Sochaí'**, lena n-áirítear tacaíocht an Chláir do na codanna taighde agus nuálaíochta de Mhisin an Aontais agus de Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le comhleanúnachas leis an gcomhpháirt 'Iomaíochas'. Tugtar isteach leis an téacs comhréitigh freisin forálacha arb é is aidhm dóibh cur chuige cothrom a áirithiú idir gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde ón mbun aníos agus ábhair réamhshainithe ó réimsí straitéiseacha.

g) Maidir le **Colún III (Nuálaíocht)**, déantar ról bhainisteoirí chláir na **Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE)** a shonrú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le punanna nuálaíochta ardriosca a bhainistiú. Rud atá tábhachtach, áirítear sa téacs athbhreithnithe an deis do **CNE tacú leis an nuálaíocht sa domhainteicneolaíocht chriticiúil agus béim á leagan ar fheidhmeanna cosanta**, suas le méid caidhpeáilte de bhuiséad Cholún III, agus comhlántachtaí le CEI á soiléiriú ag an am céanna.

h) Maidir le **Colún IV (an Limistéar Eorpach Taighde)**, tugtar ról don Chomhairle nó dá comhlachtaí comhairleacha maidir leis na réimsí a shainiú chun tacú le costais tógála nó costais mhóra uasghrádaithe na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta. Soiléirítear a thuilleadh sa téacs ról straitéiseach na bhfóram bonneagair ábhartha agus tugtar isteach critéir atá nasctha le fianaise ar acmhainneachtaí nua agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach.

i) Maidir leis an bh**Fairsingiú**, tar éis don Uachtaránacht na forálacha ábhartha a dhíghrúpáil go páirteach, cuirtear sonraíochtaí breise isteach maidir leis na bearta tacaíochta, go háirithe go leanfaí le hionstraimí rathúla agus go bhféadfaí ionstraimí nua a bhunú. Leis an téacs comhréitigh, treisítear freisin an cuspóir maidir le cóineasú marthanach in acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus dul chun cinn leanúnach ar fud an Aontais. Dar le líon mór toscaireachtaí, tá dlúthnasc idir an comhaontú maidir leis na forálacha sin agus staid reatha na caibidlíochta maidir le pacáiste foriomlán an CAI.

j) I ndáil leis na **Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh**, soiléiríodh foclaíocht na gcritéar incháilitheachta, mar aon le mionchoigeartuithe breise ar na forálacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thograí.

k) Maidir leis an **nós imeachta coiste**, cuireadh isteach an nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh na bhfoirmíochtaí uile, seachas clár oibre ERC. Cuirtear isteach clásal 'gan tuairim - gan ghníomh', lena gcuirtear cosc ar ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcás nach dtugann Coiste an Chláir aon tuairim uaidh.

## III. <u>CONCLÚID</u>

15. Iarrtar ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teacht ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta páirteach an Chláir Réime mar a leagtar amach in 10464/26 é, mar phointe A;

- teacht ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta páirteach an Chláir Shonraigh mar a leagtar amach in 10465/26 é, mar phointe A;

- téacs an ráitis, mar a leagtar amach in ADD 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas mar phointe A.